**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

P9_TA(2022)0326

# Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach san Aontas Eorpach: An 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach in AE: an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú (2022/2032(INI))

(2023/C 125/09)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

— ag féachaint d'Airteagail 4, 162, 174 go 178, agus 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim an ionstraim um bainistiú teorainneacha agus um víosaí ([1]) (Rialachán na bhForálacha Coiteanna),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir ([3]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh ([4]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ([5]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/460 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun infheistíochtaí a shlógadh i gcórais cúraim sláinte na mBallstát agus in earnálacha eile dá ngeilleagar mar fhreagairt ar ráig COVID-19 (An Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas) ([6]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ([7]),

— ag féachaint don phacáiste "Oiriúnach do 55" a ghlac an Coimisiún an 14 Iúil 2021,

([1]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.
([2]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 60.
([3]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 1.
([4]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 94.
([5]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 21.
([6]) IO L 99, 31.3.2020, lch. 5.
([7]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 487.

**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") ([8]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013 ([9]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) ([10]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit ([11]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle chun cúnamh airgeadais a sholáthar do na Ballstáit agus do thíortha a bhfuil a n-aontachas leis an Aontas Eorpach á chaibidliú acu, ar tíortha iad atá buailte go trom ag mór-éigeandáil sláinte poiblí ([12]) (Ciste Dlúthpháirtíochta AE — CDAE),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ([13]) ("an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta"),

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2018 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach i gcomhthéacs trasteorann (COM(2018)0373),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 dar teideal "An 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú: Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050" (COM(2022)0034),

— ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2022 dar teideal "Putting people first, securing sustainable and inclusive growth, unlocking the potential of the EU's outermost regions" [Daoine a chur chun tosaigh, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a áirithiú, acmhainneacht na réigiún is forimeallaí de chuid an AE a scaoileadh] (COM(2022)0198),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 dar teideal "A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040" [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] (COM(2021)0345),

— ag féachaint do Chomhaontú Amstardam lena mbunaítear an Clár Oibre Uirbeach do AE, a comhaontaíodh ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag airí AE atá freagrach as cúrsaí uirbeacha a reáchtáladh an 30 Bealtaine 2016 in Amstardam,

— ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a fhógairt in Göteborg an 17 Samhain 2017,

— ag féachaint do thuarascáil Phainéal Idir-Rialtasach na NA ar an Athrú Aeráide dar teideal "Athrú Aeráide 2022: Maolú ar an Athrú Aeráide",

— ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 10 Nollaig 2020 dar teideal "EU strategy for Rural Revival" [Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hAthbheochan na Tuaithe] ([14]),

([8]) IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.
([9]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.
([10]) IO L 109, 8.4.2022, lch. 1.
([11]) IO L 357, 8.10.2021, lch. 1.
([12]) IO L 99, 31.3.2020, lch. 9.
([13]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.
([14]) IO C 37, 2.2.2021, lch. 16.

**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

— ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an 18 Meán Fómhair 2020 maidir le ról bheartas struchtúrach agus comhtháthaithe AE chun claochlú an gheilleagair a chur chun cinn ar bhealach nuálach agus cliste ([15]),

— ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Meán Fómhair 2021 dar teideal "Ról an bheartais comhtháthaithe chun éagothromaíochtaí a chomhrac i rith na clárthréimhse nua tar éis ghéarchéim COVID-19. Comhlántachtaí agus forluí féideartha leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus leis na pleananna téarnaimh náisiúnta" ([16]),

— ag féachaint don tuairim ó CESE an 27 Aibreán 2021 maidir le ról an gheilleagair shóisialta i gcruthú post agus i gcur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([17]),

— ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/402 ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (EASE) ([18]),

— ag féachaint don tionscnamh ón gCoimisiún maidir le Bauhaus Nua Eorpach a seoladh an 14 Deireadh Fómhair 2020,

— ag féachaint do Thionscnamh um Ghabháil an Choimisiúin (ar a dtugtar an Tionscnamh um Réigiúin a bhfuil a fhorbairt tite ar gcúl freisin) a seoladh in 2015, i.e.

— ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2015 faoi Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe,

— ag féachaint don chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

— ag féachaint do rún uaithi an 8 Márta 2022 ar an mbeartas comhtháthaithe mar ionstraim chun éagothromaíochtaí cúraim sláinte a laghdú agus chun feabhas a chur ar chomhar sláinte trasteorann ([19]),

— ag féachaint do rún uaithi an 8 Márta 2022 ar ról an bheartais comhtháthaithe i ndáil le claochlú nuálach agus cliste agus nascacht TFC réigiúnach a chur chun cinn ([20]),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Feabhra 2022 ar na dúshláin do limistéir uirbeacha sa ré iar-COVID-19 ([21]),

— ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2021 i dtreo comhpháirtíocht níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas ([22]),

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 maidir le gné na hinscne sa bheartas comhtháthaithe ([23]),

— ag féachaint do rún uaithi an 20 Bealtaine 2021 maidir le treochtaí déimeagrafacha a aisiompú i réigiúin AE ag baint úsáid as ionstraimí an bheartais comhtháthaithe ([24]),

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus straitéisí comhshaoil réigiúnacha sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide ([25]),

---

([15]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 153.
([16]) IO C 517, 22.12.2021, lch. 1.
([17]) IO C 286, 16.7.2021, lch. 13.
([18]) IO L 80, 8.3.2021, lch. 1.
([19]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0058.
([20]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0059.
([21]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0022.
([22]) IO C 117, 11.3.2022, lch. 18.
([23]) IO C 67, 8.2.2022, lch. 16.
([24]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 125.
([25]) IO C 494, 8.12.2021, lch. 26.

— ag féachaint do rún uaithi an 13 Márta 2018 maidir le réigiúin a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl in AE ([26]),

— ag féachaint do rún uaithi an 13 Meitheamh 2018 maidir le beartas comhtháthaithe agus an geilleagar ciorclach ([27]),

— ag féachaint don tuarascáil deiridh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus dá moltaí,

— ag féachaint don staidéar dar teideal "Réigiúin AE atá tite ar gcúl:: staid reatha agus dúshláin amach anseo" arna fhoilsiú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha i Meán Fómhair 2020 ([28]),

— ag féachaint d'Athbhreithniú Uimh. 01/2020 ón gCúirt Iniúchóirí maidir le caiteachas aeráide a rianú i mbuiséad AE,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Buiséid agus ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A9-0210/2022),

A. de bhrí, sa tréimhse airgeadais dheireanach, idir 2014 agus 2020, gur thacaigh an beartas comhtháthaithe, mar phríomhbheartas infheistíochta poiblí, le breis agus 1,4 milliún fiontar, gur rannchuidigh sé le 1 544 km de línte iarnróid agus de bhóithre níos sábháilte, gur chabhraigh sé le 45,5 milliún duine lánpháirtíocht a ghabháil i margadh an tsaothair agus OTI a mhéadú suas le 5 % sna réigiúin is lú forbairt;

B. de bhrí, le linn na paindéime, go raibh baol na dífhostaíochta, méadú na bochtaineachta agus an bhearna idir na hinscní suntasach i réigiúin bheagfhorbartha AE; de bhrí go raibh an bhearna fostaíochta idir na hinscní beagnach dhá uair níos mó ná mar a bhí i réigiúin níos forbartha;

C. de bhrí, in ainneoin nach ionstraim ghéarchéime é, gur chabhraigh an beartas comhtháthaithe arís agus arís eile agus go héifeachtúil le réigiúin freagairt go héifeachtach i gcásanna éigeandála agus do shuaití neamhshiméadracha amhail géarchéim COVID-19, Brexit agus géarchéim reatha na ndídeanaithe arb é ionradh na Rúise ar an Úcráin is cúis léi, lena n-áirítear trí thacú leis na Ballstáit ar an líne tosaigh maidir le dídeanaithe a thógáil isteach; de bhrí nár cheart, áfach, go mbainfeadh an cúnamh éigeandála sin an bonn de chur chuige straitéiseach na tréimhse cistiúcháin ina hiomláine, ós rud é gur beartas infheistíochta fadtéarmach é an beartas comhtháthaithe per se;

D. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí beartas comhtháthaithe amach anseo a fhoirmliú ar bhonn straitéise a leantar le linn na tréimhse cistiúcháin ar fad, a d'fhéadfaí, áfach, a athmheasúnú agus a choigeartú le linn an athbhreithnithe mheántéarma;

E. de bhrí go bhfuil réigiúin forbartha oirthearacha AE ag breith suas leis an gcuid eile de AE, agus go bhfuil roinnt réigiún meánioncaim agus réigiúin bheagfhorbartha i marbhántacht eacnamaíoch nó ag meath, rud a thugann le fios go bhfuil siad i sáinn forbartha; de bhrí gur cheart go gcuirfí san áireamh le dáileadh na gcistí forbairt na n-éagothromaíochtaí, ní hamháin idir na Ballstáit ach laistigh díobh freisin;

F. de bhrí gurb é fás láidir i réigiúin bheagfhorbartha is cúis leis an gcóineasú, ach gur dócha go laghdóidh na tairbhí a eascraíonn as costais níos ísle agus torthaí a n-infheistíochtaí le himeacht ama; de bhrí go mbeidh ar réigiúin bheagfhorbartha borradh a chur faoin oideachas agus faoin oiliúint, infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht a mhéadú, agus cáilíocht a n-institiúidí a fheabhsú, agus leanúint de bheith ag infheistiú i mbonneagar, chun fás seasta a choinneáil, chun titim isteach i ngaiste forbartha a sheachaint, chun an bhearna nascachta a dhúnadh, agus chun rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta agus ar dhálaí maireachtála cuibhiúla a áirithiú;

---

([26]) IO C 162, 10.5.2019, lch. 24.
([27]) IO C 28, 27.1.2020, lch. 40.
([28]) Staidéar – "Réigiúin AE atá tite ar gcúl: staid reatha agus dúshláin amach anseo", Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, an Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, Meán Fómhair 2020.

**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

G. de bhrí, cé gur thit líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta idir 2012 agus 2019, go bhfuil 20 % de dhaonra iomlán AE fós i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta;

H. de bhrí go bhfuil difear ollmhór idir cáilíocht bonneagair, soláthar seirbhísí, rochtain ar chúram sláinte, agus réitigh iompair agus soghluaisteachta idir réigiúin uirbeacha agus tuaithe;

I. de bhrí go bhfuil cathracha agus naisc fheidhmiúla idir ceantair uirbeacha agus thuaithe ina spreagadh tábhachtach don fhorbairt áitiúil agus réigiúnach, don chomhtháthú agus don aistriú cóir;

J. de bhrí go bhfuil tionchar diúltach díreach ag costais mhéadaitheacha na n-amhábhar agus na n-ábhar tógála ar go leor tionscadal bonneagair atá maoinithe ag AE agus go gcuireann siad a gcur chun feidhme i mbaol;

K. de bhrí go bhfuil an meath déimeagrafach níos suntasaí i réigiúin tuaithe, agus faoi 2050 go mbeidh 50 % de dhaonra AE ina gcónaí i réigiún ina mbeidh an daonra ag laghdú agus ag aosú; de bhrí gur dócha go ndéanfaidh na forbairtí sin difear d'acmhainneacht fáis agus rochtain ar sheirbhísí i gceantair thuaithe; de bhrí, agus an daonra atá ag dul in aois á chur san áireamh, go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh na glúnta óga rannpháirteach i bhforbairt a réigiún amach anseo;

L. de bhrí go ndéanann imirce daoine oilte difear díréireach do réigiúin bheagfhorbartha agus, mura dtugtar aghaidh air, go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha buana ag an bhfeiniméan ar thodhchaí an Aontais;

M. de bhrí go bhfuil an beartas comhtháthaithe ríthábhachtach in infheistíocht chaipitil rialtais, lena gcuirtear níos mó ná leath an chistithe infheistíochta poiblí iomlán ar fáil i roinnt Ballstát; de bhrí gur cheart go mbeadh an tacaíocht a chuireann Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) ar fáil sa bhreis ar chaiteachas poiblí na mBallstát, agus nár cheart í a chur in ionad an chaiteachais phoiblí sin;

N. de bhrí gur cheart an sprioc maidir le hEoraip atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050 ar a dhéanaí a cheangal leis an sprioc maidir le haistriú cothrom agus cóir; de bhrí go bhfuil truailliú aeir agus uisce fós ró-ard go ginearálta i roinnt mhaith réigiún beagfhorbartha; de bhrí nach mór ról suntasach a bheith ag réigiúin uile AE maidir le dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide, trí bhearta arna gcomhordú leis na réigiúin máguaird;

O. de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar an deighilt nuálaíochta réigiúnaí, agus gur minic a bhíonn bearnaí oideachais, oiliúna agus scileanna idir réigiúin níos mó forbartha agus réigiúin bheagfhorbartha leathan; de bhrí go bhfuil dearlaicí scileanna comhchruinnithe i réigiúin chaipitil go háirithe, agus go bhfuil deighilt mhór idir ceantair uirbeacha agus thuaithe tagtha chun cinn;

P. de bhrí go nascann an tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua, trí chlaochlú na timpeallachta tógtha, an Comhaontú Glas don Eoraip le spásanna maireachtála i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon;

Q. de bhrí go bhfuil éagothromaíochtaí fós ann maidir le luas an aistrithe dhigitigh ar fud na hEorpa; de bhrí nach bhfuil rochtain ar naisc idirlín, ar luas an-ard, ach ag beirt as triúr cónaitheoirí cathrach agus ag duine as gach seisear cónaitheoirí tuaithe;

R. de bhrí go bhfuil praghsanna tithíochta agus fuinnimh ag dul i méid, rud a léiríonn an gá atá le tithíocht shóisialta níos saoire agus athchóiriú luathaithe tithíochta chun bochtaineacht fuinnimh a chomhrac;

S. de bhrí go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le feabhas a chur ar an bhfostaíocht agus ar an gcuimsiú sóisialta, ach go bhfuil éagothromaíochtaí réigiúnacha fós níos mó ná mar a bhí roimh an ngéarchéim airgeadais in 2008; de bhrí gur cheart don bheartas comhtháthaithe freagairtí éifeachtúla a sholáthar chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta, fostaíocht agus fás a chruthú, iomaíochas a mhéadú, infheistíocht san oideachas a chur chun cinn, lena n-áirítear san oideachas digiteach, sláinte, taighde agus nuálaíocht, an t-athrú aeráide a chomhrac agus dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha; de bhrí nach féidir leis an mbeartas comhtháthaithe na cúraimí sin go léir a chomhlíonadh ach amháin má tá sé leabaithe i gcistiú láidir;

T. dde bhrí gur gá aird ar leith a thabhairt ar na réigiúin agus na limistéir a liostaítear in Airteagal 174 CFAE; de bhrí gur cheart go leanfaí de na bearta sonracha agus den chistiú breise do na limistéir is forimeallaí agus do na limistéir is faide ó thuaidh is tearc daonra chun míbhuntáistí móra buana nádúrtha agus déimeagrafacha na réigiún sin a fhritháireamh;

U. de bhrí gur cheart an beartas comhtháthaithe a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail an dea-rialachais agus le lánurraim do luachanna coiteanna AE a leagtar amach in Airteagal 2 CFAE, i gCairt um Chearta Bunúsacha AE agus sa Chód Iompair Eorpach maidir le Comhpháirtíocht; de bhrí go bhfuil meath tagtha ar an smacht reachta le himeacht ama i roinnt Ballstát; de bhrí gur cheart don bheartas comhtháthaithe rannchuidiú le neartú an daonlathais agus an smachta reachta;

V. de bhrí gur deimhníodh le paindéim COVID-19 agus leis an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair gur gá machnamh a dhéanamh ar an gcreat rialachais eacnamaíoch, lena n-áirítear fionraí shealadach (go dtí 2023) agus athbhreithniú ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, agus an fhéidearthacht a bheartú nár cheart caiteachas poiblí faoi bheartas comhtháthaithe na mBallstát agus na n-údarás réigiúnach agus áitiúil mar chuid de chistí SIE a mheas mar chaiteachas struchtúrach náisiúnta ná coibhéiseach mar a shainítear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis;

W. de bhrí nach leor buiséad CDAE chun freagairt leormhaith a thabhairt ar mhórthubaistí nádúrtha agus chun dlúthpháirtíocht na hEorpa le réigiúin atá buailte ag tubaistí a chur in iúl; de bhrí go dtiocfaidh méadú ar an neamhréir sin mar gheall ar mhéadú a bhfuiltear ag súil leis i dtubaistí nádúrtha a eascraíonn as an athrú aeráide agus athruithe níos déine á dhéanamh ar shaol na ndaoine; de bhrí nach gcumhdaítear le ranníocaíochtaí ó chistí AE ach athbhunú an status quo ante maidir le bonneagar agus trealamh, agus nach mór na costais bhreise a bhaineann le struchtúir atá níos athléimní ó thaobh na haeráide de a atógáil a bheith (có)mhaoinaithe ag na Ballstáit;

1. á chur in iúl go bhfuil sí cinnte de nach féidir leis an mbeartas comhtháthaithe leanúint dá ról faoi láthair mar veicteoir don infheistíocht agus do chruthú post, mar ionstraim chun éagothromaíochtaí réigiúnacha agus idir-réigiúnacha a laghdú, agus sásra dlúthpháirtíochta do réigiúin uile an Aontais ach amháin má tá cistiú láidir aige bunaithe ar phrionsabail na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil; á chur i bhfáth go dtugtar le tuiscint leis sin go ndéanfar foráil don leibhéal céanna cistiúcháin ar a laghad agus a bhí sa tréimhse airgeadais 2021-2027, i bhfianaise an chúlaithe eacnamaíochta a bhfuiltear ag súil leis freisin, ar cuireadh leis acmhainní buiséadacha an Chiste um Aistriú Cóir (CUAC) II; á mheabhrú go bhfuil gá le hairgead úr le haghaidh dúshláin nua agus á iarraidh go gcuirfí acmhainní buiséadacha nua leis an mbeartas comhtháthaithe chun a chur ar chumas na mBallstát agus na n-údarás réigiúnach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na géarchéimeanna éagsúla a dhéanann difear don Aontas;

2. ag tabhairt dá haire go bhféadfaidh na Ballstáit iarraidh chuí-réasúnaithe a dhéanamh ar sholúbthacht bhreise laistigh de chreat reatha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis maidir le caiteachas struchtúrach poiblí nó coibhéiseach, arna thacú ag an riarachán poiblí trí chómhaoiniú a dhéanamh ar infheistíochtaí arna ngníomhachtú mar chuid de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), den Chiste Comhtháthaithe (CC) agus den Chiste um Aistriú Cóir (CUAC); á mheabhrú, agus an coigeartú fioscach á shainiú faoin ngné choisctheach nó cheartaitheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, nach mór don Choimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar an iarraidh sin ar bhealach a léiríonn tábhacht straitéiseach na n-infheistíochtaí arna gcómhaoiniú ag CFRE, CC agus CUAC;

3. ag athdhearbhú a tiomantais láidir don bheartas comhtháthaithe, ar cuid den acquis communautaire é, dá bhrí sin, tá sé doscartha ón tionscadal Eorpach, agus tá sé bunaithe ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit agus na réigiúin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé cruthaithe gur uirlis nua-aimseartha agus sholúbtha é an beartas comhtháthaithe, ar féidir í a úsáid go tapa i gcásanna éigeandála; á chur i bhfáth gurb é an aidhm bhunaidh atá ag an mbeartas comhtháthaithe — "forbairt chomhchuí fhoriomlán" a Bhallstát agus a réigiún a chur chun cinn agus tacú léi — agus gur cheart go leanfadh sé de bheith mar phríomhról ag cláir an bheartais chomhtháthaithe; á thabhairt chun suntais, áfach, nár cheart don bheartas comhtháthaithe a bheith ina fhoinse maoinithe chun easnaimh sa tsolúbthacht bhuiséadach a bhaint amach, ná chun aghaidh a thabhairt ar chiorruithe buiséadacha mar fhreagairt ar an ngéarchéim, agus, mar bheartas infheistíochta fadtéarmach, gur cheart go gcabhródh an beartas comhtháthaithe chun réigiúin a ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo;

4. á chur in iúl gur oth léi go raibh moilleanna suntasacha ar an tréimhse chlársceidealaithe mar gheall ar mhoilleanna sa chaibidlíocht a bhain leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), a raibh tionchar acu ar údaráis bhainistíochta agus ar thairbhithe; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur le glacadh comhaontuithe comhpháirtíochta agus clár, ós rud é go mbíonn riaráiste neamhghnách in íocaíochtaí sa dara leath de thréimhse chur chun feidhme CAI mar thoradh ar thearc-chur chun feidhme faidréiseach an bheartais chomhtháthaithe, rud a chuireann brú breise ar íocaíochtaí le linn na caibidlíochta maidir le CAI iar-2027; ag iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht dhlíthiúil dhá chuid ar leith a chruthú laistigh de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR), eadhon an chuid a bhaineann le hinneachar (polaitiúil) agus an chuid a bhaineann le CAI (acmhainní airgeadais), don tréimhse

**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

chlársceidealaithe tar éis-2027; á chreidiúint gur cheart an chuid a bhaineann le hinneachar a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích roimh an chuid a bhaineann le CAI, chun go mbeidh údaráis bhainistíochta in ann tús a chur leis an ullmhúchán ar bhealach tráthúil; á chur i bhfios go láidir, laistigh den chreat sin, gur gá an chéad CAI eile a ghlacadh go pras, ionas go mbeidh fís shoiléir ag na Ballstáit agus ag na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla maidir lena n-imchlúdaigh airgeadais agus go mbeidh siad in ann roghanna polaitiúla a dhéanamh agus tosaíochtaí infheistíochta a bhunú;

5. á chur in iúl gur geal léi an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) mar uirlis thábhachtach chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim an choróinvíris a mhaolú agus chun geilleagair agus sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe do na dúshláin agus do na deiseanna a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a chomhlántachtaí agus a shineirgí leis an mbeartas comhtháthaithe a áirithiú; ag cáineadh na heaspa gné críochaí laistigh den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus á athdhearbhú a thábhachtaí atá prionsabal na comhpháirtíochta laistigh de bheartais chríochacha AE; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil imscaradh RRF thar a bheith láraithe agus nach bhfuil aon chomhairliúchán ann le réigiúin agus bardais agus á chur i bhfáth nach mór na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE a chur san áireamh agus beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais á gceapadh agus á gcur chun feidhme agus nach mór rannchuidiú lena mbaint amach; á mheas, thairis sin, nár cheart go ndéanfadh pleananna téarnaimh náisiúnta arna maoiniú ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta difear don chumas Cistí SIE a shlógadh;

6. ag cur béim ar an bhfíoras gur cháin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an easpa difreála idir maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide; á chur i bhfáth gur cheart difreáil den sórt sin a áireamh sa bheartas comhtháthaithe amach anseo san fhaireachán ar chaiteachas agus ar a dhíriú téamach; á chur i bhfáth gurb é an t-athrú aeráide an bhagairt is tromchúisí do shochaithe an duine ar fud an domhain agus go ndéanann sé difear do na réigiúin uile; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun maolú ar an athrú aeráide a fheabhsú; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór don bheartas comhtháthaithe tacú le príomhshruthú láidir aeráide;

7. á chur in iúl gur geal léi gur thug an Coimisiún CUAC isteach chun tacú le réigiúin a bhfuil dúshláin rompu san aistriú i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de; ag tathant ar na Ballstáit a bhfuil drogall orthu dul ar aghaidh lena chur chun feidhme agus ag iarraidh ar an gCoimisiún ceachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme CUAC; á iarraidh go mbunófaí ciste nua, CUAC II, sa tréimhse chlársceidealaithe iar-2027 ar leibhéal NUTS 3, le modh leithdháilte athbhreithnithe; á chreidiúint gur cheart an ciste a chomhtháthú go hiomlán in RFC, agus prionsabail na bainistíochta comhroinnte agus na comhpháirtíochta á gcur i bhfeidhm ag an am céanna; á chreidiúint gur cheart rochtain a bheith ag réigiúin a bhfuil leibhéal ard CO2 per capita acu, chomh maith le tionscail atá i mbun aistrithe, ar an gciste sin, ar cheart níos mó acmhainní airgeadais a thabhairt dó ná CUAC reatha agus raon feidhme níos leithne; á iarraidh go ndéanfadh CUAC II nua idirdhealú idir maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, agus ag cur béim ar an ngá atá le struchtúr simplí a dhearadh don bheartas comhtháthaithe amach anseo;

8. á chur in iúl gur geal léi an prionsabal "gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú", rud a chiallaíonn nár cheart go gcuirfeadh aon ghníomhaíocht isteach ar phróiseas an chóineasaithe ná go gcuirfeadh sí le héagothromaíochtaí réigiúnacha; á chreidiúint gur cheart do Choiste Eorpach na Réigiún a bheith rannpháirteach i ndearadh an phrionsabail sin agus gur cheart é a leagan síos sa reachtaíocht chun raon feidhme agus módúlachtaí a chur i bhfeidhm a shainiú go soiléir chun é a bhunú mar phrionsabal trasghearrtha i mbeartais AE;

9. ag tabhairt dá haire, cé nach ionstraim ghéarchéime é an beartas comhtháthaithe, gur cheart méid solúbthachta neamh-leithdháilte a choinneáil chomh hard agus atá sa tréimhse reatha go dtí tar éis an athbhreithnithe mheántéarma chun athléimneacht agus freagrúlacht na réigiún a neartú, rud a chuirfidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn agus turraingí neamhshiméadracha a sheasamh; á áitiú gur cheart beartas láidir comhtháthaithe le cistiú méadaithe a áirithiú sa CAI iar-2027, ach nár cheart an beartas a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nua; ag iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh go slógfaí leithdháiltí comhtháthaithe 2021 nár úsáideadh le haghaidh tuilleadh solúbthachta ó 2022 ar aghaidh chun teacht ar réitigh ar chostais mhéadaithe na dtionscadal bonneagair arna maoiniú ag an Aontas (iompar, fuinneamh, cúrsaí digiteacha etc.); á mheabhrú go gcuireann praghas na n-amhábhar agus na n-ábhar tógála cur chun feidhme go leor tionscadal bonneagair atá maoinithe ag AE i mbaol;

10. á chur i bhfáth, sna blianta atá romhainn, gurb é an t-athrú aeráide an bhagairt is tromchúisí do shochaithe an duine ar fud an domhain; á mheabhrú go bhfuil an méadú ar líon agus ar dhéine na dtubaistí nádúrtha agus na bhfeiniméan aeráide foircneacha (tuilte, stoirmeacha, cioclóin, triomaigh, tonnta teasa, dóiteáin foraoise etc.) ina iarmhairt infheicthe agus inláimhsithe cheana féin ar an athrú aeráide; á mheas go mbeidh na costais don Aontas, do gach tír agus do gach réigiún, mar gheall ar gan a bheith ag súil leis an athrú aeráide agus gan dul in oiriúint dó, an-ard; á iarraidh go dtiocfaidh

méadú suntasach ar bhuiséad CDAE chun cabhrú le réigiúin éifeachtaí an athraithe aeráide a réamh-mheas agus a mhaolú agus chun raon feidhme CDAE a leathnú ionas gur féidir leis tacú freisin le hathbhunú nó tógáil bonneagair phoiblí agus phríobháidigh atá níos athléimní ó thaobh na haeráide de; ag iarraidh ar an gCoimisiún a mheas an féidir buiséad CDAE a mhéadú trí chineál árachais ina n-íocann na Ballstáit táille bhliantúil bunaithe ar líon a n-áitritheoirí, a infheistiú i sócmhainní sábháilte agus a chur ar fáil má tharlaíonn géarchéimeanna;

11. á chreidiúint nár cheart an ráta cómhaoinithe don sprioc "Infheistíocht i bpoist agus san fhás" ar leibhéal gach tosaíochta, i ngnáthchúinsí, a bheith níos airde ná:

(a) 85 % le haghaidh na réigiún beagfhorbartha agus na réigiún is forimeallaí;

(b) 75 % le haghaidh réigiúin trasdula, i gcás ina gcoinnítear ar bun iad;

(c) 70 % le haghaidh réigiúin níos forbartha;

á chreidiúint gur cheart gach ceann de na trí ráta a mhéadú i gcásanna práinne, ag baint úsáid as an méid solúbthachta;

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart don Chiste Comhtháthaithe tacú leis na Ballstáit sin ar lú a OIN per capita, arna thomhas de réir caighdeáin cumhachta ceannaigh agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2025-2027, ná 90 % de mheán-OIN per capita an Aontais don tréimhse tagartha céanna;

13. á chur i bhfáth nach gcuireann OTI, mar an t-aon táscaire forbartha amháin, inbhuanaitheacht chomhshaoil, éifeachtúlacht acmhainní, comhtháthú agus dul chun cinn sóisialta san áireamh; á mheabhrú, sa bhreis ar shaincheisteanna eacnamaíocha, gur codanna lárnacha de shamhail forbartha AE iad an tsláinte, an t-oideachas, an inbhuanaitheacht, an cothromas agus an cuimsiú sóisialta; á iarraidh go ndéanfaí OTI a chomhlánú le critéir nua (e.g. critéir shóisialta, chomhshaoil, dhéimeagrafacha), chun forléargas socheacnamaíoch níos fearr a thabhairt ar na réigiúin, aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí reatha an Aontais, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus léiriú níos fearr a thabhairt ar na haistrithe éiceolaíocha, digiteacha agus déimeagrafacha agus ar dhea-bhail na ndaoine;

14. ag moladh machnamh a dhéanamh ar rannchuidiú an bheartais chomhtháthaithe chun cuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha an Aontais a bhaint amach, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán nua atá romhainn; á chreidiúint go bhfuil na haistrithe glasa agus digiteacha fós ina mórdhúshláin ar cheart dúinn ár n-infheistíochtaí a dhíriú orthu chun cosc a chur ar éagothromaíochtaí nua a fhorbairt; ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis bhainistíochta an t-idirphlé a neartú agus oibriú i gcomhar le chéile chun na cuspóirí straitéiseacha a shainaithint a bhfuiltear ag súil go rannchuideoidh comhtháthú amach anseo leo;

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil "criosanna meirge" fós i bhformhór na mBallstát; ag tathant go dtacófaí le haistriú tionsclaíoch, sóisialta agus comhshaoil na réigiún sin agus á chreidiúint, chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag aistriú seantionscal amhail cruach agus alúmanam agus chun tacú le tionscail den sórt sin, gur cheart acmhainní CUAC II a dhíriú ar iad a nuachóiriú i gcás inar féidir, agus straitéisí cliste speisialtóireachta a chruthú atá saincheaptha do riachtanais gach ceann de na réigiúin atá san aistriú tionsclaíoch, fás faoi stiúir na nuálaíochta a chothú agus leathadh na sochar fáis a áirithiú;

16. ag creidiúint, cé go bhfuil dúshláin shonracha roimh roinnt réigiún atá san aistriú tionsclaíoch amhail díthionsclú mar gheall ar sheachfhoinsiú na táirgeachta tionsclaíche chuig geilleagair atá ag teacht chun cinn, leibhéil ísle táirgiúlachta agus easpa fíorstraitéise do ghairmeacha atá dírithe ar an todhchaí, go bhfuil acmhainneacht réasúnta láidir ag réigiúin eile, amhail traidisiún i ngníomhaíochtaí monaraíochta agus nuálaíochta sofaisticiúla i dtionscail nideoige áitiúla; ag tabhairt dá haire go bhfuil réigiúin níos tionsclaithe níos athléimní i leith suaití eacnamaíocha agus sóisialta éagsúla agus ag iarraidh ar an gCoimisiún beartas uaillmhianach ationsclaithe a fhorbairt do réigiúin AE; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá táirgeadh agus tomhaltas áitiúil agus réigiúnach; á iarraidh, thairis sin, go mbeadh tionscnamh sonrach AE ann chun tacú le réigiúin íseal fháis agus réigiúin bhochta an Aontais atá éagsúil go hinmheánach agus go seachtrach ó mheán AE, ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón Tionscnamh um Ghabháil; á athdhearbhú go bhfuil gá le ceapadh beartais áitbhunaithe trí anailís iomchuí a dhéanamh ar phatrúin ísealfhásta agus trí na huirlisí is gá chun aghaidh a thabhairt orthu;

**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

17. ag tabhairt dá haire go raibh níos mó ná an ceathrú cuid de dhaonra AE ina gcónaí i réigiún in 2019 nár fhill fíor-OTI fós go dtí an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim airgeadais in 2007, go háirithe sa Ghréig, sa Chipir, san Iodáil agus sa Spáinn; á chur i bhfáth go ndearna géarchéim eacnamaíoch agus shóisialta COVID-19 difear níos suntasaí do na tíortha céanna sin arís;

18. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacú le limistéir thuaithe trína n-éagsúlacht agus a n-acmhainneacht a luacháil, trí fheabhas a chur ar nascacht iompair, leathanbhanda ardluais, soláthar seirbhísí, éagsúlú eacnamaíoch agus cruthú post, agus cabhrú leo freagairt do dhúshláin amhail tréigean tuaithe, aosú an daonra, dídhaonrú agus tréigean tuaithe, meath na bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear lárionaid chathrach, agus easpa deiseanna cúraim sláinte agus oideachais, agus béim á leagan ag an am céanna ar a thábhachtaí atá naisc uirbeacha-tuaithe i gcomhthéacs limistéir uirbeacha fheidhmiúla; ag cur béim ar an ról atá ag mná óga go háirithe i gceantair thuaithe, rud a bhíonn forbhásach de ghnáth; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go rannchuideodh an tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua chun ceantair thuaithe a dhéanamh níos tarraingtí; ag tabhairt dá haire go gcabhródh na bearta sin go léir le cathracha atá ag fás chun dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu;

19. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá réitigh soghluaisteachta inbhuanaithe ar fud AE; ag iarraidh ar an gCoimisiún soghluaisteacht chliste agus ghlas agus céimniú amach breoslaí iontaise a chur chun cinn chun rannchuidiú le Comhaontú Glas AE agus leis an bpacáiste "Oiriúnach do 55"; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an Comhaontú Glas agus an pacáiste "Oiriúnach do 55" agus ag tabhairt dá haire go bhfuil infheistíochtaí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil bunriachtanach chun go n-éireoidh leo; ag tathant ar an gCoimisiún tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chaiteachas a bhaineann leis an aeráid agus an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a threisiú;

20. á chur i bhfáth nádúr ilghnéitheach na forbartha tuaithe, a théann níos faide ná talmhaíocht per se; á áitiú gur gá sásra um promhadh leas na tuaithe a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar thionchar thionscnaimh reachtacha AE ar cheantair thuaithe; ag tabhairt dá haire, áfach, nach n-oibríonn ach 11,5 % de na daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus san iascach; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí CETFT a athimeascadh faoi chreat straitéiseach RTF mar chiste ar leith; ag cur béim ar an bhfíoras, toisc gur cuid de chistí an bheartais comhtháthaithe é, go neartaítear na féidearthachtaí agus na sineirgí — trí chur chuige comhtháite, ilchiste — d'infheistíochtaí i gceantair thuaithe lasmuigh den talmhaíocht agus don fhorbairt réigiúnach; ag tabhairt chun suntais an rannchuidiú luachmhar atá déanta ag clár LEADER leis an bhforbairt tuaithe, a bhfuil sé mar aidhm leis gníomhaithe áitiúla a rannpháirtiú i ndearadh agus i seachadadh straitéisí, cinnteoireachta agus leithdháileadh acmhainní dá gceantair thuaithe;

21. á iarraidh go neartófaí Airteagail 174 agus 349 CFAE i mbeartais uile an Aontais chun gnóthú na gcuspóirí a leagtar amach iontu a chur chun cinn; á chur in iúl gur oth léi nach dtugtar aird ar leith sa 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach i réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha agus déimeagrafacha acu, amhail na réigiúin is forimeallaí, na réigiúin is faide ó thuaidh agus is lú daonra, oileáin, limistéir shléibhtiúla agus réigiúin trasteorann; á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe sna réigiúin is forimeallaí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cláir agus bearta saincheaptha a cheapadh do na réigiúin sin agus á chur i bhfáth gur gá na bearta uile atá ceaptha go sonrach dóibh a choinneáil, ós rud é go bhfuil formhór na réigiún is forimeallaí fós i measc na réigiún beagfhorbartha, arb ionann iad agus 6 cinn de na 30 réigiún de chuid an Aontais a bhfuil an OTI is ísle per capita acu; á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá comhar réigiúnach dinimiciúil chun leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí;

22. á chur in iúl go bhfuil sí cinnte de gur cheart ról na gcathracha, na mbailte agus na sráidbhailte beaga a neartú chun tacú le geilleagair áitiúla agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus aeráide; ag athdhearbhú a thábhachtaí atá naisc uirbeacha-thuaithe agus forbairt straitéisí bunaithe ar limistéir fheidhmiúla, agus aird ar leith á tabhairt ar bhailte beaga agus meánmhéide, agus é mar aidhm leis sin cosc a chur ar limistéir thuaithe a laghdú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cineálacha cur chuige saincheaptha críochacha a chur chun feidhme agus infheistíocht a dhéanamh go háirithe i dtionscnamh na sráidbhailte cliste, agus é mar aidhm leis seirbhísí tuaithe a athbheochan tríd an nuálaíocht dhigiteach agus shóisialta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sineirgí idir uirlisí cistiúcháin éagsúla, amhail CETFT, CFRE, CSE+ agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe, chun leibhéal leordhóthanach cistiúcháin a dhíriú ar cheantair thuaithe trí chur chuige ilchiste;

23. ag athdhearbhú ról an bheartais chomhtháthaithe maidir le dálaí maireachtála do chách a chomhchuibhiú agus a fheabhsú ar fud an Aontais; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil méadú ag teacht ar theacht chun cinn limistéar atá faoi mhíbhuntáiste agus bochtaithe, lena n-áirítear laistigh de réigiúin agus limistéir níos forbartha; á chur i bhfios go láidir, cé gur spreagthóirí réigiúnacha iad cathracha don fhás agus don aistriú, agus go bhfuil go leor buntáistí ag baint le maireachtáil agus oibriú iontu, go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag tiúchan ard daonra agus ag fás os cionn an mheáin daonra

**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

i gceantair uirbeacha áirithe ar inacmhainneacht tithíochta, ar leibhéil truaillithe agus ar cháilíocht na beatha; ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir le tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua a bheith ina chlár de chuid an Aontais le haghaidh CAI iar-2027, le buiséad tiomnaithe bunaithe ar acmhainní nua lena soláthrófaí réitigh chun limistéir uirbeacha inbhuanaithe agus nuálacha a fhorbairt; á chreidiúint gur cheart go mbeadh rochtain dhíreach ag údaráis uirbeacha ar chistiú AE amach anseo; á athdhearbhú a thábhachtaí atá coimircí lena gcoiscfí pionósú éagórach na n-údarás réigiúnach agus áitiúil atá lonnaithe i dtíortha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ghníomhachtú shásra an smachta reachta, agus ag iarraidh ar an gCoimisiún bealaí a bhunú trína bhféadfaidh sé na cistí a sheachadadh go díreach chuig a dtairbhithe deiridh;

24. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé an cur chuige ón mbun aníos maidir le forbairt tuaithe agus áitiúil a neartú, ar bealach é don nuálaíocht shóisialta agus don fhothú acmhainneachta, agus ar an gcaoi sin saoránaigh a chumhachtú chun úinéireacht a ghlacadh ar fhorbairt a limistéar; á áitiú, dá bhrí sin, go ndéanfaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, chomh maith le ENRanna agus saoránaigh, a áireamh go hiomlán sa phróiseas cinnteoireachta agus cur chun feidhme chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh mar is ceart ar a riachtanais; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí leas níos fearr a bhaint as an acmhainneacht atá ann ar an leibhéal áitiúil trí fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (CLLD) a neartú agus a éascú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail éigeantach do na Ballstáit;

25. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do shochaithe agus do gheilleagair leas a bhaint as a n-acmhainneacht chruthaitheach agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú i dtreo neodracht carbóin, amhail i gcás seanréigiúin thionsclaíocha, ar cheart dóibh tionscal na cruthaitheachta a úsáid mar chatalaíoch ildisciplíneach do phróisis aistrithe, lena gcomhtháthaítear smaointe ó thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta i bpróisis riaracháin; á chreidiúint gur féidir le húdaráis bhainistíochta cabhrú le seanréigiúin thionsclaíocha; á chur i bhfáth gur gá, dá bhrí sin, tacú leis an gcomhar ildisciplíneach; á thabhairt chun suntais, thairis sin, a thábhachtaí atá an cultúr sa bheartas comhtháthaithe, rud a chabhraíonn le réigiúin bhríomhar a áirithiú agus a mealltacht a mhéadú, malartuithe cultúrtha a spreagadh, agus éagsúlacht agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn;

26. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na dúshláin dhéimeagrafacha atá os comhair AE, go háirithe i réigiúin áirithe, amhail daonraí atá ag dul in aois, dídhaonrú limistéar tuaithe agus iargúlta, brú déimeagrafach ar limistéir eile, amhail limistéir chósta agus uirbeacha, agus sreabha imirce agus teacht na ndídeanaithe; á áitiú gur gá freagairt láithreach a ullmhú ar theacht na ndídeanaithe chun a áirithiú go ndéanfar iad a lánpháirtiú go tapa agus go héasca; ag spreagadh na mBallstát, thairis sin, bearta sonracha a cheapadh agus a chur chun feidhme chun oiliúint agus fostaíocht a chur chun cinn, chomh maith le cearta bunúsacha a chosaint; á chur i bhfáth go bhfuil údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhlachais ghairmiúla agus ENRanna bunriachtanach chun riachtanais shonracha infheistíochta agus seirbhísí bunúsacha don tsoghluaisteacht agus don inrochtaineacht chríochach i limistéir thuaithe agus uirbeacha a shainaithint agus a mheasúnú agus gur cheart ról cinntitheach a bheith acu mar rannpháirtithe gníomhacha i bhforbairt straitéisí críochacha a eascraíonn as pobail áitiúla; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé freagairt bhuiséadach shonrach do cheantair thuaithe a áireamh, lena n-áirítear chun treochtaí diúltacha déimeagrafacha a aisiompú i gcláir ábhartha AE;

27. á chur i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar an gcaidreamh idir an beartas comhtháthaithe agus rialachas eacnamaíoch AE, agus cur chuige pionósach á sheachaint ag an am céanna; á chur i bhfáth gur cheart don Seimeastar Eorpach cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe faoi Airteagail 174 agus 175 CFAE a chomhlíonadh; á iarraidh go mbeadh na réigiúin rannpháirteach i gcomhlíonadh na gcuspóirí sin agus go mbeadh cur chuige críochach níos láidre ann; á iarraidh go ndéanfar próiseas machnaimh ar choincheap na coinníollachta maicreacnamaíche agus go bhféachfaí an bhféadfaí foirmeacha nua coinníollachta a chur in ionad an choincheapa sin chun léiriú níos fearr a thabhairt ar na dúshláin nua atá romhainn; á mheas go bhfuil gá an Comhshocrú Cobhsaíochta a chur ar fionraí go dtí 2023 agus go ndéanfaí athbhreithniú air mar gheall ar staid shocheacnamaíoch AE, atá níos measa fós mar gheall ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 agus ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

28. á thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt réigiún meánioncaim ag dul i ngleic le 'gaiste meánioncaim', agus gur minic a bhíonn daonraí atá ag laghdú agus ag dul in aois, tionscail laga mhonaraíochta, fás íseal, nuálaíocht, iomaíochas, táirgiúlacht agus cáilíocht institiúideach agus rialtais, easpa dul chun cinn i dtreo aistriú cóir agus leochaileacht i leith suaití arb é an domhandú is cúis leo ag bagairt orthu; ag tarraingt aird ar an ngéarú atá ag teacht ar an treocht sin, ar cúis imní é, agus ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit céimeanna tromchúiseacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin agus chun teacht ar réitigh ar na réigiúin sin ionas nach bhfágfar ar gcúl iad san fhadtéarma, ach ina ionad sin go dtacófar leo chun a láidreachtaí sonracha a fhorbairt;

**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil go leor spreagthóirí fáis fós comhchruinnithe i réigiúin níos forbartha agus i limistéir uirbeacha; á chur in iúl go bhfuil sí cinnte de gur dúshlán mór don bheartas comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo tacaíocht iomchuí a chur ar fáil do réigiúin thearcfhorbartha, agus gur cheart, leis an mbeartas comhtháthaithe, éagothromaíochtaí a laghdú agus na réigiúin sin a chosc ó thitim ar gcúl, trí na treochtaí agus na dinimicí éagsúla a chur san áireamh agus trí thacaíocht bhuiséadach shonrach a chur ar fáil do limistéir thuaithe, lena n-áirítear chun treochtaí diúltacha déimeagrafacha i gcláir ábhartha de chuid an Aontais a aisiompú;

30. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil laghdú mór tagtha le blianta beaga anuas ar chistiú arna leithdháileadh ag na Ballstáit ar a réigiúin is boichte; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé prionsabal na breisíochta AE a urramú; ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfaidh na húdaráis náisiúnta aird chuí ar chomhtháthú inmheánach agus tionscadail Chiste SIE á ndréachtú agus á gcur chun feidhme acu;

31. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil saintréithe éagsúla ag na réigiúin atá sa ghaiste meánioncaim nó atá i mbaol titim isteach sa ghaiste sin agus go bhfuil réitigh shaincheaptha ag teastáil uathu chun borradh a chur faoi infheistíochtaí in oideachas ardcháilíochta, caipiteal daonna, taighde agus forbairt, oiliúint don lucht saothair, seirbhísí sóisialta agus straitéisí maolaithe; ag tathant ar an gCoimisiún na réigiúin sin a shainiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar na fachtóirí struchtúracha as a n-eascraíonn an gaiste meánioncaim, chun tacú leo trí chur chuige difreáilte agus áitbhunaithe agus chun méideanna níos airde a leithdháileadh orthu faoi CSE+ sa chéad tréimhse chlársceidealaithe eile;

32. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh simpliú ar cheann de phríomhspreagthóirí an bheartais chomhtháthaithe amach anseo; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gan ualach riaracháin breise a chur ar údaráis bhainistíochta agus á mheabhrú gur gá an t-ualach riaracháin ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus ar na tairbhithe a íoslaghdú; ag iarraidh ar na Ballstáit ró-rialáil a sheachaint, cláir a dhéanamh straitéiseach agus beacht agus ionstraimí a bheith solúbtha, agus comhaontuithe maoinithe idir údaráis bhainistíochta agus na tairbhithe a bheith mar uirlis simpliúcháin; ag spreagadh úsáid leanúnach roghanna costais simplithe (SCOanna), trí na tairseacha a ardú, b'fhéidir, ar cheart úsáid na RCSanna sin a bheith éigeantach faoina mbun; ag iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur le cur chun feidhme an ríomh-chomhtháthaithe; ag tabhairt chun suntais acmhainneacht an digitithe maidir le gníomhaíochtaí faireacháin agus tuairiscithe; ag iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, trédhearcacht a rialacha iniúchóireachta a fheabhsú agus úsáid phrionsabal na hiniúchóireachta aonair a leathnú chun dúbláil iniúchtaí agus fíorú bainistíochta an chaiteachais chéanna a sheachaint; á chreidiúint gur cheart go bhforbrófaí an caidreamh idir an Coimisiún agus na húdaráis bhainistíochta i dtreo "conradh muiníne" a bheadh bunaithe ar chritéir oibiachtúla a fhorbairt agus a bhunú, agus á mheas gur gá lipéad a thabhairt isteach chun aitheantas a thabhairt d'údaráis bhainistíochta a léirigh a gcumas na rialacha a chomhlíonadh agus a ráta earráide a laghdú;

33. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil gá ar leith le leithdháileadh cistiúcháin cuí agus oiriúnach a choinneáil faoin gCiste Comhtháthaithe do na Ballstáit sin a bhfuil easnamh mór acu i mbonneagar iompair agus comhshaoil, ar choinníoll go ndéantar an ciste a bhainistiú go comhpháirteach;

34. á chreidiúint gur cheart beartais struchtúracha AE, náisiúnta agus réigiúnacha a bheith fite fuaite le cur chuige áitbhunaithe chun rannchuidiú le comhtháthú críochach, chun aghaidh a thabhairt ar leibhéil éagsúla rialachais, chun comhar agus comhordú a áirithiú, agus chun leas a bhaint as acmhainneacht uathúil na réigiún, agus an gá atá le réitigh shaincheaptha á aithint ag an am céanna; á chreidiúint, thairis sin, gur cheart an beartas comhtháthaithe a dhíriú níos mó ar infheistíocht i ndaoine, ós rud é gur féidir borradh a chur faoi gheilleagair réigiúnacha trí mheascán éifeachtach d'infheistíochtaí sa nuálaíocht, sa chaipiteal daonna, sa dea-rialachas agus san acmhainneacht institiúideach;

35. ag tabhairt dá haire gur príomhchuspóir den bheartas comhtháthaithe é an comhar críochach Eorpach; á thabhairt chun suntais breisluach an chomhair chríochaigh i gcoitinne agus comhar trasteorann go háirithe; á thabhairt faoi deara go raibh tionchar ar leith ag an bpaindéim ar réigiúin teorann agus go mbíonn a dtéarnamh níos moille ná téarnamh na réigiún cathrach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé, dá bhrí sin, bacainní ar chomhar trasteorann a bhaint agus ag cur béim ar an bhfíoras go gcabhródh an sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach (ECBM) a mhol an Coimisiún le deireadh a chur le níos mó ná 50 % de na bacainní atá ann cheana; á chur in iúl gur oth léi go mór gur chuir an Chomhairle bac ar an nós imeachta reachtach a bhaineann le ECBM; ag iarraidh ar an gCoimisiún gach tionscnamh is gá a dhéanamh, lena n-áirítear an ECBM a athsheoladh, chun an comhar seo a dhéanamh níos dinimiciúla agus níos éifeachtaí chun leasa na ndaoine; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cistiú méadaithe do Interreg chun tacú le comhar na réigiún thar theorainneacha; ag cur béim, dá bhrí sin, ar a thábhachtaí atá tionscadail ar mhionscála agus trasteorann chun daoine a thabhairt le chéile; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá infheistíochtaí trasteorann chun nuálaíocht, aistriú teicneolaíochta, réitigh choiteanna agus sineirgí coiteanna a fheabhsú;

36. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag infheistíochtaí i seirbhísí poiblí ardcháilíochta maidir le hathléimneacht shóisialta a fhorbairt agus déileáil le géarchéimeanna eacnamaíocha, sláinte agus sóisialta;

37. á thabhairt dá haire gur rannchuidigh athchóiriú an bheartais chomhtháthaithe don tréimhse airgeadais 2021-2027 le húsáid shimplithe agus sholúbtha a bhaint as cistiú do thairbhithe agus d'údaráis bhainistíochta; á chur in iúl gur geal léi an tsolúbthacht atá molta ag tograí na Gníomhaíochta Comhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) agus an Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus (CRII+), ar léiríodh gur uirlis den scoth é an beartas comhtháthaithe i gcásanna géarchéime; á mheabhrú, áfach, gur beartas infheistíochta fadtéarmach é an beartas comhtháthaithe agus gur cheart, dá bhrí sin, sásra tiomnaithe freagartha ar ghéarchéimeanna a chruthú laistigh den chéad CAI eile; ag iarraidh ar an gCoimisiún suirbhé a dhéanamh ar éifeachtaí praiticiúla na mbeart simpliúcháin agus simpliú breise a chur chun cinn, lena n-áirítear i bhfoirm digitithe, solúbthachta agus rannpháirtíocht na saoránach; ag iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit cabhrú le tairbhithe, go háirithe tairbhithe na dtionscadal ar mhionscála, tacú le tionscnaimh phríobháideacha mar ghineadóirí post agus taighde, forbartha agus nuálaíochta, agus an beartas comhtháthaithe a thabhairt níos gaire do shaoránaigh uile an Aontais;

38. á chur i bhfáth go mbunaítear leis an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta urraim don smacht reachta mar choinníoll le haghaidh chistiú an bheartais chomhtháthaithe; á mheas gur gá urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha a atreisiú i gcur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe; ag iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, na huirlisí uile atá ar fáil dó a úsáid chun bealaí a bhunú chun a áirithiú nach mbainfear tairbhí chistí AE de shaoránaigh na mBallstát ar spreagadh Airteagal 7(1) CFAE ina leith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a rialtas agus nach ngearrfar pionós ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla na mBallstát sin i gcás inar cuireadh sásra an smachta reachta i ngníomh; ag súil leis, dá bhrí sin, go gcuirfidh an Coimisiún gnéithe den smacht reachta san áireamh go hiomlán le linn phróiseas iomlán ullmhúcháin agus cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe;

39. ag iarraidh ar na Ballstáit straitéisí misniúla a sheoladh chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach in aistrithe glasa, digiteacha agus déimeagrafacha a scaoileadh chun athstruchtúrú a dhéanamh ar shamhail an gheilleagair shóisialta margaidh ar bhealach dearfach don tsochaí;

40. ag spreagadh laghdú ar líon na gcomhlachtaí idirmheánacha a bhfuil baint acu le cistí comhtháthaithe a bhainistiú agus a rialú trí chomhordú agus inniúlachtaí comhlachtaí idirmheánacha de mhéid criticiúil a neartú agus ionaid ilfhreastail a shainaithint do thairbhithe, i gcás inar féidir;

41. á chur i bhfáth gur gá creat a bhunú lena ráthaítear cobhsaíocht dhlíthiúil trí rialacha simplí, soiléire agus intuartha, go háirithe maidir le bainistiú agus iniúchóireacht; á iarraidh go ndéanfar aon chur i bhfeidhm cúlghabhálach agus léirmhíniú ar na rialacha a sheachaint a mhéid is féidir; á mholadh go ndéanfaí próiseas machnaimh a sheoladh maidir le tairseach an ráta earráidí iomlán le haghaidh gach bliain faoina meastar go bhfuil córas bainistithe agus rialaithe an chláir ag feidhmiú go héifeachtach agus cumas na n-údarás bainistíochta an fhoráil sin den rialachán a chomhlíonadh gan tairbhithe a phionósú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart an tairseach sin a ardú go 5 %;

42. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil SDGanna na Náisiún Aontaithe imithe ar gcúl de réir a chéile in insint AE, go háirithe maidir le héifeachtaí maolaithe géarchéime, rud a chuireann a ndeiseanna cur chun feidhme faoi 2030 i mbaol; ag spreagadh tiomantas láidir leanúnach chistí bheartas comhtháthaithe an Aontais chun cuidiú leis na SDGanna a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, e.g. maidir leis an ngeilleagar ciorclach; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, gur cheart gnéithe den chomhionannas agus den chuimsiú a neartú tuilleadh san fhorbairt réigiúnach; á mheabhrú a thábhachtaí atá príomhshruthú inscne sa bheartas comhtháthaithe agus á thabhairt chun suntais ról sonrach na mban, go háirithe i gceantair thuaithe iargúlta, a bhfuil ról tábhachtach acu sa tsochaí shibhialta agus san fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, ach ag an am céanna a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair, chomh maith le pá comhionann, agus seirbhísí poiblí, amhail cúram sláinte agus cúram leanaí;

43. ag tacú leis an méadú ar an mbuiséad a leithdháiltear don tréimhse 2021-2027 ar an mbeartas comhtháthaithe nua, lena soláthrófar, i gcomhréir leis an mbéim láidir ar ghníomhaíochtaí cliste, glasa agus sóisialta, muinín leordhóthanach do thionscadail nuálacha nua; á iarraidh go mbeadh comhordú láidir ann idir na cistí sin agus cláir agus gníomhaíochtaí nua Bauhaus Eorpach;

44. á chur i bhfáth go bhfuil infheistíocht i ndaoine ríthábhachtach chun cabhrú lena scileanna a fhorbairt, chun a gcruthaitheacht a spreagadh agus chun nuálaíocht a spreagadh, rud a bhféadfadh an obair dheonach rannchuidiú leis; á chreidiúint gur cheart fostaíocht ardcháilíochta, ar phá maith, mar aon le tacaíocht don oiliúint nó don athoiliúint a choinneáil nó a chruthú chun bochtaineacht a chomhrac agus lánpháirtiú imirceach agus dídeanaithe a spreagadh, agus comhtháthú sóisialta á neartú ag an am céanna agus a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár;

**Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022**

45. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé seasamh le prionsabal na comhpháirtíochta i gclársceidealú, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán uile bheartas comhtháthaithe an Aontais agus a thábhachtaí atá sé comhar láidir a bhunú idir údaráis réigiúnacha agus áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus geallsealbhóirí eile; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún a bheith níos gníomhaí maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe a chosaint ar bhagairtí a eascraíonn as brú ar an daonlathas agus ar a luachanna i mBallstáit áirithe;

46. á mheabhrú gur rannchuidigh tionchar Brexit le cur isteach ar an ngeilleagar, ar chomhar idir-réigiúnach, ar éiceachórais taighde, agus ar chórais oideachais agus oiliúna do réigiúin AE; ag iarraidh ar gach duine lena mbaineann leanúint de thacaíocht a thabhairt d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla atá thíos le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ó AE; á mheas gur gá breithniú leanúnach a dhéanamh ar iarmhairtí fadtéarmacha eacnamaíocha agus sóisialta Brexit ar réigiúin AE chun machnamh a dhéanamh ar an mbeartas comhtháthaithe tar éis-2027; á iarraidh, ina theannta sin, ar Rialtas na Ríochta Aontaithe maoiniú a thabhairt do rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sna cláir Interreg;

47. á mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 175 CFAE do thuairisciú ón gCoimisiún gach trí bliana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach; á mheas gur gá measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar thionchar comhcheangailte ghéarchéim COVID-19 agus an chogaidh san Úcráin sa 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú faoi mhí na Bealtaine 2025 ar a dhéanaí;

48. á iarraidh go mbeadh rochtain níos fearr ar chistiú chun infheistíochtaí san aistriú fuinnimh áitiúil a chumasú, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, dáileadh díláraithe fuinnimh agus béim láidir ar fhoinsí in-athnuaite; á thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, go bhfuil gá le beartas comhtháthaithe chun tacú le hathchóiriú fuinneamhéifeachtúil chun acmhainní a shábháil agus tithíocht a áirithiú do chách; á chur i dtreis, ina theannta sin, gur gá foirgnimh atá suntasach ó thaobh na staire agus na socheacnamaíochta de a chaomhnú agus a chlaochlú;

49. ag iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht nár cheart caiteachas na mBallstát agus na n-údarás réigiúnach agus áitiúil faoi Chistí SIE a mheas mar chaiteachas struchtúrach náisiúnta nó coibhéiseach mar a shainítear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, go háirithe mura n-imíonn siad ó chomhlíonadh chuspóirí Chomhaontú Pháras;

50. á chur i bhfios go láidir gur cheart na rialacha maidir le Státchabhair a ailíniú le haghaidh bheartais AE ionas nach gcuirfear cláir an bheartais chomhtháthaithe ar gá dóibh na rialacha uile maidir le Státchabhair a leanúint i riocht faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le beartais eile de chuid an Aontais atá díolmhaithe uaidh; á iarraidh, thairis sin, go dtabharfaí isteach, i gcás inar féidir, toimhde comhlíontachta leis an gcóras Státchabhrach, chun beartais infheistíochta uile AE a chur ar chomhchéim agus iomaíocht eatarthu a sheachaint;

51. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh chun cumarsáid agus infheictheacht a fheabhsú trí fheabhas a chur ar an malartú faisnéise maidir le hoibríochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus ar ghlaonna ar thograí atá le teacht; á chur in iúl gur geal léi seoladh bhunachar sonraí nua Kohesio agus á iarraidh go gcuirfí an suíomh gréasáin ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais a luaithe is féidir; á chur i bhfáth gur cheart do Kohesio sonraí a sholáthar maidir leis na tionscadail chomhtháthaithe agus chríochacha uile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le forbairt tuaithe, arna gcómhaoiniú faoi EARDF agus clár Leader, agus é a chur ar chumas úsáideoirí tionscadail a bhaineann lena réimsí téamacha a chuardach, agus é mar aidhm ardán a chur ar fáil lena roinnfear dea-chleachtais agus lena gcuirfear tionscadail barr feabhais chun cinn;

52. á chur i bhfáth gur féidir le beartais eile de chuid an Aontais an bonn a bhaint den chomhtháthú; á chur in iúl gur geal léi tuairim an Choimisiúin, dá bhrí sin, gur cheart promhadh réigiúnach a ionchorprú i mbeartais chothrománacha agus ag iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar atá ag beartais eile ar éifeachtacht an bheartais chomhtháthaithe;

53. á thabhairt chun suntais go bhféadfadh caiteachas an bheartais chomhtháthaithe, mar is amhlaidh i gcás chaiteachas eile uile AE, a bheith faoi réir gníomhaíochtaí neamhrialta a bhaineann le héilliú agus le calaois; á iarraidh go ndéanfaí maoiniú agus foirne leordhóthanach a sholáthar do na gníomhaireachtaí agus do na comhlachtaí ábhartha, go háirithe Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, ionas gur féidir leo imscrúduithe a dhéanamh go cuí agus cistí mí-úsáidte a aisghabháil; á iarraidh ar an gCoimisiún go ndéanfar grinnmheasúnú chun cosc a chur ar aon mhí-úsáid ar chistí AE agus ar sháruithe ar an smacht reachta, agus comhlíonadh na Cairte um Chearta Bunúsacha a áirithiú sula bhformheasfaidh sé aon chomhaontuithe comhpháirtíochta agus aon chláir beartais chomhtháthaithe;

54. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil raon feidhme méadaithe i dtogra REPowerEU ón gCoimisiún maidir le leithdháiltí buiséadacha a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ón mbeartas comhtháthaithe; á chur i bhfios go láidir go ndéanfar os cionn EUR 100 billiún d'acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a infheistiú san aistriú fuinnimh, sa dícharbónú agus san fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí dlús le cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe;

55. á chur i bhfios go bhfuil gá le cur chun feidhme éifeachtach agus comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais maidir leis an bplean teagmhasach chun soláthar bia agus slándáil bia a áirithiú le linn tréimhse géarchéime, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis sin (COM(2021)0689);

56. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste Eorpach na Réigiún, agus chuig parlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha na mBallstát.